

ANNUAL REPORT 2012 / 2013

NCAD DUBLIN

National College of Art and Design
A Recognised College of University College Dublin

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR
2013

TUARSCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

An tAcht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971, Alt 16(1):

“Tabharfaidh an Bord tuarascáil don Aire in aghaidh na bliana ar imeachtaí an Bhoird faoin Acht seo i gcaitheamh na bliana acadúla roimhe sin de chuid an Choláiste agus cuirfidh an tAire faoi deara cóip den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.”

An Bord

Cathaoirleach an Bhoird Seán O Laoire

Comhaltaí an Bhoird David Caron (go Lúnasa 2013)
Adrienne Eacrett
Orla Flynn
Peter Johnson
Suzanne Macdougald
Lucy McCaffrey
Paul O'Brien
Aoife Soden (go mí na Samhna 2012)
Helen Steele

Oifigeach an Bhoird An tOllamh Declan McGonagle
Stiúrthóir agus Comhaltaí Ex officio Comhalta an Bhoird

Damian Downes
Cláraitheoir/Rúnaí

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012/2013****CLÁR NA nÁBHAR****LCH**

| | |
|---|----|
| An Bord | 2 |
| Tuarascáil an Chathaoirligh | 4 |
| Tuarascáil Acadúil | 5 |
| Tuarascáil Riaracháin | 8 |
| Staitisticí na Mac Léinn | 9 |
| Faisnéis faoin gColáiste | 11 |
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird | 12 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste | 13 |
| Ráitis Airgeadais | 16 |

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**Tuarascáil an Chathaoirligh**

Cumhdaítear sa tuarascáil seo an dara bliain a raibh Seán Ó Laoire ina Chathaoirleach ar Bhord an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, arna cheapadh amhlaidh ag an Aire Oideachais agus Scileanna le haghaidh téarma trí bliana go dtí an 1 Márta 2015.

Áiríodh ar an bpríomhghníomhaíocht le linn na bliana doiciméad cuimsitheach a chur isteach chuig an Údarás um Ard-Oideachas maidir leis an Tírdhreach Oideachais agus Athbhreithniú ar na hEalaíona Cruthaitheacha.

Lean an Comhaontas Acadúil leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ag fás agus bhuaill Stiúrthóir CNED le ÚAO chun faisnéis a thabhairt dóibh faoin bplé leanúnach maidir leis an bhféidearthacht go gcónascadh siad. Bhí áthas ar an gColáiste gur chuir ÚAO in iúl dóibh go gcoinneofaí CNED in Earnáil na nOllscoileanna.

Chuir CNED fáilte roimh an Athbhreithniú ar Oiliúint Tosaigh Múinteoirí inar moladh go ndéanfaí an Oiliúint Tosaigh Múinteoirí ar fad a sholáthar in Institiúid úr Oideachais. Bhuail CNED leis na hInstitiúidí i mBaile Átha Cliath lena mbaineann, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Institiúid Oideachais Marino agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis an bprionsabal um Institiúid aonair d'Oiliúint Múinteoirí, ach rinne siad moladh go mbeadh sí ina hInstitiúid scaipthe.

Ullmhaíodh doiciméid úra chúrsa don chlár céime úr trí bliana agus d'athbhreithnigh an Sior Christopher Frayling, "cairde criticiúla" na rannóige iad, agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle Acadúla agus Chomhbhord Clár CNED/COBÁC iad. Rinne COBÁC na doiciméid chúrsa ar fad a bhailíochtú ina dhiaidh sin.

Ábhar misnigh ba é chomh maith is a d'éirigh le céimithe agus mic léinn CNED a fheiceáil.



Bernard Hanratty
Stiúrthóir Gníomhach, CNED (2016)

Sínithe thar ceann
Seán Ó Laoire
Cathaoirleach Bhord CNED

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

Tuarascáil Acadúil

An Bord

Ag an chruinniú a bhí ar siúl an 7 Nollaig, 2012, shonraigh an Bord an litir dheimhnithe arna héileamh ag an Údarás um Ard-Oideachas ina leagtar amach comhlíonadh CNED maidir le ceisteanna rialachais agus shínigh an Cathaoirleach í.

An Tírdhreach Oideachais agus Athbhreithniú ar na hEalaíona Cruthaitheacha/ÚAO
Ullmhaíodh an doiciméad agus cuireadh faoi bhráid ÚAO é roimh an spriocdháta den 31 Iúil. Leis sin rinneadh méadú ar na páipéir sheasaimh a chomhaontaigh an Bord roimhe seo agus a pléadh ag cruinnithe an Bhoird seo i mí an Mheithimh agus i mí Iúil, 2012.

Faoi mar a d'iarr ÚAO, cuireadh freagairt CNED ar an Athbhreithniú ar leith ar Sholáthar na nEalaíon Cruthaitheach i Réigiún Bhaile Átha Cliath san áireamh sa doiciméad um an Tírdhreach Oideachais.

D'éirigh painéal idirnáisiúnta a tháinig le chéile don athbhreithniú earnála uileghabhálach seo as i ndiaidh dó réamh-mholtaí a dhéanamh i mí Meán Fómhair, 2012, nach raibh comhsheasmhach leis an mbeartas rialtais sonraithe faoi mar atá i dTuarascáil Hunt, 2011.

Thug painéal Athbhreithniú na nEalaíon Cruthaitheach cuairt ar an gColáiste an 1 Samhain le haghaidh seisiúin/plé/díospóireachta. Bhí seisiún an athbhreithnithe gairid agus chuir an Coláiste é sin in iúl mar cheist do Chathaoirleach an phainéil agus do na comhaltaí agus do ÚAO i ndoiciméad iarmheasúnaithe.

Comhaontas COBÁC

Tá an Comhaontas Acadúil le COBÁC i bhfeidhm ar bhonn foirmiúil ó bhí mí Mheán Fómhair 2011 ann. Leag an Comhaontas amach an acmhainneacht atá ann do chaidreamh oibre níos dlúithe idir an dá institiúid. Bunaíodh Comhchoiste Maoirseachta agus líon grúpaí oibre beaga chun plé a dhéanamh ar ghnéithe uile na gceisteanna Acmhainní Daonna, Dílíthiúla, Acadúla, Eagrúcháin agus Airgeadais agus tuarascáil a thabhairt ar ais don Bhord agus d'Údarás Rialaithe COBÁC. Is toradh é sin ar chinneadh ón mBord, ag a chruinniú a tionóladh i mí Mheán Fómhair, 2012 chun tosach cleachtas díchill chuí teoranta maidir le caidreamh feabhsaithe, suas go cónascadh le COBÁC, agus é sin san áireamh, a fhorghníú.

Bhuail an tOllamh Declan McGonagle, Stiúrthóir CNED, agus Uachtarán COBÁC, an Dr Hugh Brady le ÚAO agus thug siad fógra foirmiúil dó maidir leis an bplé leanúnach i dtaca leis an bhféidearthacht go gcónascadh siad. Chuir an dá Institiúid é seo in iúl do ÚAO astu féin cheana.

Shonraigh ÚAO ina dhiaidh sin gurb é a sheasamh anois go gcoinneofaí CNED in Earnáil na nOllscoileanna.

An Ciste Forbartha Straitéisí

Bhí an Coláiste rannpháirteach i líon iarratas ar Chiste Forbartha Straitéisí ÚAO – Snáitheanna 1 agus 2 – mar an bpríomhinsitíúid nó mar an institiúid chomhpháirtíochta. Tá dhá shnáithe sa chiste – snáithe cláir is ea ceann díobh ina gcaithfidh páirtithe a bheith bainteach laistigh agus lasmuigh den oideachas chun an caidreamh Foghlama

agus Teagaisc, Rannpháirtíochta agus Aistrithe agus Eacnamaíoch a fheabhsú. Snáithe struchtúrach is ea Snáithe a Dó agus tá sé beartaithe leis tacaíocht a thabhairt do phróisis cónaschtaí féideartha san earnáil, nach mór iad a fhoinsiú toisc go mbeadh na próisis casta.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**Tuarascáil maidir le hOiliúint Tosaigh Múinteoirí**

San Athbhreithniú ar Oiliúint Tosaigh Múinteoirí moladh go ndéanfaí an Oiliúint Tosaigh Múinteoirí ar fad a sholáthar in Institiúid úr Oideachais a bhunófaí in Institiúid Oideachais Marino lena n-áirítear soláthar ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus COBÁC chomh maith le CNED. Mar fhreagairt do na moltaí sa tuarascáil tháinig na hinstiúidí i mBaile Átha Cliath lena mbaineann, Coláiste na Tríonóide, COBÁC, agus Institiúid Oideachais Marino agus CNED le chéile dhá uair agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis an bprionsabal um Institiúid aonair d'Oiliúint Múinteoirí, ach rinne siad moladh go mbeadh sí ina hInstitiúid scaipthe. Cumhdóidh sí gach céim d'oiliúint múinteoirí ó oideachas na luathóige, bunoidreachas agus iar-bhunoideachas agus áirítear léi tacaíocht, taighde agus forbairt agus FGL mar chuid dá sainchúram.

3+2(+3)

Ullmhaíodh doiciméid úra chúrsa le linn na bliana, d'athbhreithnigh an Sior Christopher Frayling, "cairde criticiúla" na rannóige iad, agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle Acadúla agus Chomhbhord Clár CNED/COBÁC iad. Rinne COBÁC na doiciméid eile a cuireadh faoina bhráid a bhailíochtú. Rinne COBÁC na cúrsaí tosaigh do ghné +2, nó Máistreacht den tairiscint a bhailíochtú fosta.

Bhí plé ar siúl maidir le ceisteanna mionsonraithe cur chun feidhme, go háirithe i dtaca le cúrsa úr comhchoiteann na 1ú Bliana.

U-VERSITY

Chláraigh an Coláiste leis an tionscadal U-Versity (ar a dtugtaí i-Versity roimhe seo), atá á mhaoiniú ag an bhfiontraí Dermot Desmond le 5 bliana anuas. Sa tionscadal seo 'díolfaidh' an Coláiste modúil reatha ealaíne/deartha do mhic léinn a earcaítear ó thar lear trí U-Versity (ar a gcostas féin) i gcúrsaí atá curtha le chéile le modúil ó Choláistí eile. Tá sé dearbhaithe nach bhfuil dliteanas ar bith i gceist don Choláiste nó do pháirtithe ar bith eile, ar a bhfuil na príomhinstiúidí ar fad in Éirinn san áireamh cheana. Maoiníodh an deontóir an próiseas iomlán ar feadh 5 bliana, agus beidh Coláistí ábalta díliostáil i ndiaidh 3 bliana.

Fógraíodh an Coiste um Chreidiúnú do U-Versity, faoi Chathaoirleacht an Dr Don Thornhill. Cuirfidh an Dr Gary Granville, Ceann Dhámh Oideachais CNED grúpáil na gcoláistí/institiúidí neamhspleácha i ar na gcoiste tábhachtach seo i láthair.

Dearbhú Cáilíochta

In 2012 bunaíodh Creat DC úr in éineacht le nósanna imeachta 3+2(+3). Le linn 2012, rinneadh athbhreithniú agus athbhreithniú piaraí ar dhoiciméid chlár agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle Acadúla agus Chomhbhord Clár Acadúil COBÁC/CNED iad lena mbailíochtú.

Líon na nIontrálaithe agus na Mac Léinn

Bhí méadú 50% ar na hiarratais tríd an Lár-Oifig Iontrála le CNED i gcomparáid le 2011. Chuir an Coláiste tús le sraith seisiúin fhairsinge cumarsáide ar fud na tíre in 2012 arna ndéanamh ag an Oifigeach Iontrálaithe agus Ceann na 1ú Bliana, agus dhírigh baill foirne eile ar chur chun feidhme 3+2(+3).

GradCAM (Scoil Chéimithe na hEalaíon Cruthaitheach agus na Meán)

Shonraigh an Bord éirí as an Dr Mick Wilson mar Dhéan ar GradCAM. Bhí an post seo ina phost maoinithe suas go dtí 2012 tríd an bpróiseas PRTL. Dearbhaíodh an iasacht lánaimseartha Déin do GradCAM le ceapachán Noel Fitzpatrick ó laistigh d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Rinneadh plé ag cruinniú an Bhoird Bainistíochta maidir le todhchaí GradCAM agus comhaontaíodh go mbeadh níos mó

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

de ról Ionad/Cnuasach Taighde ag GradCam sa todhchaí, ar a n-áireofaí trí oideachas PhD, ach nach mbeadh sé sainithe mar oideachas PhD amháin. Méadaíonn sé sin an raon feidhme do na cláir Mháistreachta agus don ról mar Chomhaltaí. Phléigh Bord GramCAM an chomhpháirtíocht a leathnú ar bhonn náisiúnta. Comhaontaíodh an próiseas lena dtabharfar tacaíocht do GramCAM - go soláthródh CNED spás, go soláthródh IADT roinnt maoinithe do chláir agus go soláthródh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath an Déan ar iasacht.

Leabharlann – Leabharlann Náisiúnta na nAmharc-ealaíon

Ba chúis bhróin don Bhord éirí as an Leabharlannaí Edward Murphy i mí an Mhárta, 2013, a chur in iúl. Ag a chruinniú a tionóladh an 25 Eanáir, 2013, d'fhaomh an Bord an togra ón bhfoireann go ndéanfaí an Leabharlann a athainmniú mar Leabharlann Edward Murphy.

Fuarthas deontas €63,000 ón gComhairle Ealaíon do NIVAL don tréimhse ó Aibreán 2013 go Márta 2014. Ag tráth ina bhfuil ciorruithe suntasacha ar dheontas i gcabhair fós ann d'eagraíochtaí ealaíne, is formhuiniú é seo ar an tábhacht a bhaineann le NIVAL don phobal ealaíon agus léiriú ar thiomantas na Comhairle comhpháirtíocht straitéiseach a choimeád.

Deonaíodh deontas beag do NIVAL faoi Thionscnamh Daonchairdis na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i leith tionscadail chun catalóg ar líne de Chartlann Dorothy Walker a fhorbairt. Bhí taispeántas flaitiúil na mbronntóirí daonchairdiúla ina chuidiú leis an tionscadal seo a chur i gcrích agus ceiliúradh é le taispeántas i nGailearaí CNED ar a dtugtar 'more *adventurous thinking*'... ó chartlann Dorothy Walker, lena raibh freagairt ealaíontóra ó Séamus Nolan.

Leanadh le méadú na mbunachar sonraí ar líne de bhailiúcháin NIVAL leis an tuilleadh forbartha a rinneadh ar Thionscadal Cartlainne Cheardlanna Dearthóireachta Chill Chainnigh agus bunachar sonraí maisithe breise de Bhailiúchán Póstaer na hÉireann.

Fuarthas bronntanais shuntasacha de dhoiciméid ealaíne ó Melanie le Brocquy, Jenny Haughton/Artworking, Kevin O'Dwyer/Sculpture in Parklands, Occupy Space, Luimneach, Artspace Studios, Gaillimh, agus ón t-ealaíontóir Áine Phillips.

Tá tús áite tugtha ag NIVAL do theagmháil a dhéanamh le healaíontóirí beo chun fógraíocht a dhéanamh do NIVAL agus cuidiú le hábhar a bhailiú. Tugadh cuairt ar os cionn tríocha ealaíontóir ina mbailte nó ina stiúideonna ar fud na hÉireann agus i Londain agus Nua Eabhrac lena n-áirítear Hughie O'Donoghue, Donald Teskey, Stephen McKenna, Brian Bourke, John Behan, Michael Warren, Orla Kiely, Imogen Stuart, Elizabeth Magill, Katie Holten, Gwen O'Dowd, Michael Bulfin, agus Ronnie Hughes

Cuireadh roinnt míreanna ó bhailiúcháin NIVAL ar fáil lena dtabhairt ar iasacht le hionaid taispeántas lena n-áirítear Gailearaí Chathair Bhaile Átha Cliath, an Hugh Lane, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Dánlann Ealaíne Chathair Luimnigh, Gailearaí Kevin Kavanagh agus Gailearaí agus Stiúideonna Bharra an Teampaill.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**Tuarascáil Riaracháin****Dearbhuithe faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí**

Cuireadh a n-oibleagáidí faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí i gcuimhne do chomhaltaí an Bhoird agus do bhaill foirne ainmnithe.

An Coiste Iniúcháireachta

Ag a chruinniú a tionóladh an 22 Feabhra, 2013, cuireadh in iúl don Bhord gur bhuaill an Coiste Iniúcháireachta agus an tIniúcháir Inmheánach le chéile. Sonraíodh gur mhol an tIniúcháir Inmheánach gur chóir don Choláiste líon iniúchtaí inmheánacha is iomchuí do phróifíl riosca an Choláiste a dhéanamh.

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Cuireadh in iúl don Bhord ag a chruinniú a tionóladh an 24 Bealtaine, 2013, gur bhuaill an Cláraitheoir/Rúnaí agus Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta leis an Leas-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chuir in iúl go raibh siad míshásta go raibh na cuntais iniúchta is déanaí don Choláiste don bhliain 2010. Ag an gcruinniú sin, d'fhaomh an Bord na moltaí a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leis an gColáiste.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013
Staitisticí na Mac Léinn
1. Líon na Mac Léinn Fochéimí Teastais & Dioplóma: (Páirtaimseartha)

| | 2008/2009 | 2009/2010 | 2010/2011 | 2011/2012 | 2012/2013 |
|---------------|-----------------|-----------|-----------|------------|------------|
| Male | No Courses Held | | | 54 | 43 |
| Female | No Courses Held | | | 149 | 131 |
| Total | No Courses Held | | | 203 | 174 |

2. Líon na Mac Léinn Fochéimí Lánaimseartha: (BA & BD) (*Lánaimseartha & Páirtaimseartha)

| | 2008/2009 | 2009/2010 | 2010/2011 | 2011/2012 | 2012/2013 |
|---------------|------------|------------|------------|--------------|--------------|
| Male | 227 | 247 | 247 | 256 * | 253 * |
| Female | 518 | 506 | 514 | 522 * | 531 * |
| Total | 745 | 753 | 761 | 778 * | 784 * |

3. Líon na Mac Léinn Iarchéimí Lánaimseartha: (*Lánaimseartha & Páirtaimseartha)

| | 2008/2009 | 2009/2010 | 2010/2011 | 2011/2012 | 2012/2013 |
|---------------|-----------|------------|------------|--------------|--------------|
| Male | 39 | 61 | 61 | 53 * | 48 * |
| Female | 89 | 118 | 131 | 144 * | 141 * |
| Total | 128 | 179 | 192 | 197 * | 189 * |

4. Líon na Mac Léinn san Oideachas Leanúnach:

| | 2008/2009 | 2009/2010 | 2010/2011 | 2011/2012 | 2012/2013 |
|--------------|-----------|--------------|--------------|---------------|---------------|
| Total | 991 * | 968 * | 903 * | 689 ** | 573 ** |

*Áirítear leis sin Cúrsaí Samhraidh, Fómhair agus Cásca.

**Gearrchúrsaí Neamhchreidmheasa

5. Mic Léinn Lánaimseartha:

| | 2008/2009 | 2009/2010 | 2010/2011 | 2011/2012 | 2012/2013 |
|---------------|-----------|------------|------------|------------|------------|
| Male | 745 | 753 | 761 | 771 | 784 |
| Female | 120 | 179 | 192 | 170 | 189 |
| Total | 865 | 932 | 953 | 941 | 973 |

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**6. Mic Léinn Pháirtaimseartha:**

| | 2008/2009 | 2009/2010 | 2010/2011 | 2011/2012 | 2012/2013 |
|----------------------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|
| Undergraduate | 0 | 1 | 9 | 7 | 16 |
| Postgraduate | 8 | 12 | 15 | 27 | 43 |
| Total | 8 | 13 | 24 | 34 | 59 |

Nóta: Ní réitíonn na staitisticí atá luaite anseo leis na líonta mac léinn atá luaite i Nóta 2 (Táillí Acadúla) de na Ráitis Airgeadais, toisc gur tháinig laghdú ar íocaíocht táillí nó ní raibh íocaíocht táillí ar bith i gceist do mhic léinn atá ar thaifid an Choláiste ar bhonn dlisteanach de bharr mic léinn shosa, mic léinn athdhéanta agus cúinsí eile.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

Faisnéis faoin gColáiste

Seoladh

An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is
Deartha
100 Sráid Thomáis
Baile Átha Cliath 8

Iniúcháirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus
Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

Baincírí

Banc na hÉireann
85 Sráid San Séamas
Baile Átha Cliath 8

Aturnaetha

St John Solicitors
14, Geata na Cathrach
Sráid an Droichid Íochtarach
Baile Átha Cliath 8

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN BOIRD**

Faoi Alt 15 (1) den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a fhaomhadh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú ón Aire Airgeadais.

Ceanglaítear ar an mBord agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a cur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach ansin.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.
- Cloí le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta, faoi réir neamhchomhlíonadh ábhartha ar bith a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád ina léirítear go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis na ceanglais reachtúla. Tá an Bord freagrach fosta as sócmhainní an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.



An tOllamh Niamh Brennan
Comhalta den Bhord
02 / 11 / 2016



Bernard Hanratty
Comhalta den Bhord
02 / 11 / 2016

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste****Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais****An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha**

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha don tréimhse dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013 faoin Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha 1971. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas maidir leis na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas maidir le gnóthachain agus cailleanais aitheanta iomlána, an clár comhardaithe, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid thirim agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a ordaítear faoi Alt 15 den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha 1971, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar dearcadh fíor agus cóir iontu agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é m'fhreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar chomhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire agus an Ríocht Aontaithe) agus i gcomhréir leis na Caighdeán Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu trí chalaos nó trí earráid a tharla sé. Áirítear air sin measúnú a dhéanamh ar

- cibé an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Choláiste, agus ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh nó nár nochtadh go hiomchuí iad
- réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim chomh maith le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léim tuarascáil bhliantúil an Choláiste chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun faisnéis ar bith ar cosúil í a bheith mícheart go hábhartha a aithint ar bhunús na faisnéise a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn, nó nach dtagann sí go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Má thagaim ar mhíríteis nó ar neamhréireachtaí ábhartha follasacha ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí maidir le mo thuairisc.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

Bunús le tuairim ar na ráitis airgeadais, lena n-áirítear tuairim cháilithe i dtaca le taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil

Bhí laigí suntasacha i gcóras cuntasaíochta an Choláiste maidir leis an tréimhse dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013, faoi mar a mhínigh an Bord go mion sa ráiteas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais. De bharr na laigí sin bhí moilleanna leis na ráitis airgeadais a tháirgeadh, agus bhí earráidí ábhartha sna dréacht-ráitis airgeadais a cuireadh i láthair don iniúchadh. Bhí dúshláin shuntasacha mar thoradh orthu chomh maith maidir leis an iniúchadh chun fianaise chuí leordhóthanach a fháil chun dearbhú réasúnta a thabhairt go dtugtar dearcadh cóir agus fíor sna ráitis airgeadais.

Mar sin féin, bhíothas ábalta dearbhú réasúnta a fháil leis an iniúchadh, trí thástáil shuntasach bhreise, i dtaca leis na figiúirí ábhartha sna ráitis airgeadais.

Tuairim ar na ráitis airgeadais, lena n-áirítear tuairim cháilithe i dtaca le taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais

- tugtar léargas cóir agus fíor iontu, ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Choláiste amhail an 30 Nollaig 2013 agus ar a ioncam agus caiteachas don tréimhse dar críoch an dáta céanna; agus
- rinneadh na ceanglais a ullmhú go cuí de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

Is é mo thuairim, nár choinnigh an Coláiste taifid chuntasaíocht leordhóthanacha don tréimhse dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013. Go sonrach, ní raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach

- chun idirbhearta an Choláiste a thairfeadh agus a mhíniú mar is ceart, nó
- chun go mbeifí ábalta staid airgeadais an Choláiste a dhearbú le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, nó
- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a iarradh a éascú, nó
- chun go mbeifí ábalta na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí.

Socruithe pinsin sa todhchaí

Cuimsítear i socruithe um pinsean shochair sainithe arna oibriú ag an gColáiste scéim aoisliúntais

neamhchistithe agus an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Gan mo thuairim ar na ráitis airgeadais a cháiliú maidir leis sin, dírim m'aird ar Nóta 16 agus ar an aitheantas amhail an 30 Meán Fómhair 2013 ar shócmhainn dar luach €65.7 milliún i dtaca le maoiniú iarchurtha pinsean.

Tuairim le haitheantas na sócmhainne sin go soláthróidh an Stát maoiniú chun na dliteanais phinsin a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Tá bonn tuisceana sa láimhseáil cuntasaíochta go ndéanfar ioncam ar bith a ghinfidh an Coláiste sa chéad dul síos a úsáid chun na speansais reatha a íoc agus go n-íocfaidh an Stát easnamh ar bith sna hacmhainní chun dliteanais phinsin sa todhchaí a mhaoiniú.

Níor chuir an Coláiste dliteanas san áireamh sna ráitis airgeadais i dtaca leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, toisc go meastar nach raibh na méideanna amhail an 30 Meán Fómhair 2013 ábhartha.

Cúrsaí ar a ndéanaim tuairisc trí eisceacht

Déanaim tuairisc trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim d'iniúchadh, nó má fhaighim go bhfuil

- cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis lena rialaítear iad, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis i dtuarascáil bhliantúil an Choláiste comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- nach dtagann an córas um rialú inmheánach airgeadais le comhlíonadh an Choláiste maidir leis na socruithe rialachais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Ceisteanna rialachais

Nochtar líon ceisteanna rialachais sa ráiteas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais maidir leis an tréimhse dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013, lena n-áirítear teipeanna i dtaca le clár na sócmhainní seasta, soláthar, doiciméadúchán nósanna imeachta,

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

taifeadadh rioscaí, an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí agus minicíocht chruinnithe an choiste iniúchóireachta. Nochtar ann chomh maith nach ndearna an Bord (a bhí ann ag an am sin) athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh i dtaca leis an tréimhse dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013, mar atá ceangailte leis an gCód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Cuireadh tuarascáil speisialta a d'ullmhaigh mise maidir le rialachas agus cuntasacht ag an gColáiste faoi bhráid Dháil Éireann an 4 Nollaig 2014, faoi Alt 11 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Rinneadh breac-chuntas sa tuarascáil ar na moilleanna leanúnacha in ullmhú na ráiteas airgeadais chomh maith leis na teipeanna i dtaca le córais rialachais an Choláiste le linn 2012/2013.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

7 Samhain 2016

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS****Freagracht maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais**

Thar ceann an Bhoird, admhaím go bhfuil an Bord freagrach as a chinntiú go ndéantar córas imleor um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú go héifeachtach sa Choláiste.

Ag cur san áireamh an gá leis na rialuithe a bheith i gcomhréir leis an leibhéal riosca, ní féidir le córas ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint; go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí; agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go n-aimseofaí iad ar mhodh tráthúil.

Ceapadh an Bord i mí an Mheithimh 2015. Fuaireamar go raibh easnaimh mhóra i gcóras CNED um rialú inmheánach airgeadais agus go nglacfaidh sé tamall maith lena gceartú. Bhí na heasnaimh sin ann le linn tréimhse chuntais na ráiteas airgeadais sin. Toisc go raibh an tréimhse chuntais do na ráitis airgeadais seo roimh dháta ár gceapacháin, ní ghlacann an Bord freagracht ar bith as neamhdhóthanacht an chórais um rialú airgeadais sa tréimhse sin.

Tá an Bord agus lucht bainistíochta sinsearaí an Choláiste dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na laigí rialaithe. Tagann Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird le chéile go rialta. De réir an dea-chleachtais tá taithí airgeadais ábhartha ag comhalta amháin ar a laghad den Choiste. Tá maoirseacht á déanamh ag an Údarás um Ard-Oideachas i gcomhpháirt leis an mBord ar phlean gníomhaíochta rialachais. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ar an bplean gníomhaíochta rialachais, tá a lán eile le déanamh fós. In 2016, fuair an Bord maoiniú agus saineolaithe rialachais agus saineolaithe AD chun cuidiú leis an gColáiste córais rialachais, airgeadais agus AD atá oiriúnach don fheidhm a chur i bhfeidhm. In 2016, cheap an Bord Stiúrthóir Gníomhach ag a bhfuil taithí shuntasach ar ghnó agus saineolas suntasach ar chúrsaí rialachais.

Faisnéis Chúlra

Ar chúiseanna a míníodh áit éigin eile, bhí aga moille maidir le ráitis airgeadais dheireadh na bliana a chur i láthair. Rinneadh athruithe móra ar an bhfoireann laistigh den fheidhm airgeadais. Ní raibh an fhaisnéis airgeadais don bhliain dar críoch 2012/13 ar fáil go héasca is mar a d'fhéadfadh sé dá mbeadh na ráitis airgeadais ullmhaithe go tráthúil. I dtús 2015, tháinig an Fhoireann Feidhmiúcháin agus Cathaoirleach CNED ag an am roimh an gCoiste um Chuntais Phoiblí (PAC) i ndiaidh lochtanna bunúsacha a aimsiú sa timpeallacht um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch 2012. De bharr thráthúlacht na láithreachta ní raibh deis ar bith ann le hathruithe a dhéanamh ar an timpeallacht um chóras rialaithe inmheánaigh a bhí á oibriú in 2012/13.

Athrú ar chleachtais ullmhúcháin do ráitis airgeadais 2012/13***Forbhreathnú***

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ráitis airgeadais 2010/11 agus 2011/12 an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (CNED) a cháiliú ar chúiseanna lena n-áirítear nár coinníodh leabhair chuí chuntais.

Ar an gcúis sin, rinneadh réamh-imscrúdú ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil laistigh de phacáiste cuntasaíochta CNED (Opera). Sainithníodh bearnaí suntasacha leis sin maidir le bunús a thabhairt leis an bhfaisnéis a bhí dianaithe i ngeall ar athruithe ar sholáthar foirne a raibh easpa stair airgeadais chorparáidigh mar thoradh air.

Dá réir sin, cinneadh go dtiocfadh níos mó amhrais chun cinn faoi shláine ionchur ar bith i ngeall ar thaifid neamhiomlána dá mbraithfidh ar an bpacáiste cuntas amháin le bonn eolais a chur faoi na ráitis airgeadais. Gineadh na ráitis airgeadais ó chur i bhfeidhm na gcead prionsabal ag baint úsáid as idirbhearta ó ráitis airgeadais an Choláiste i mBanc na hÉireann do 2012/2013. Bhí bonn taca curtha faoin gcleachtadh seo le fíoruithe iontaofa eile ó thríú páirtithe amhail litreacha tairisceana deontais ón Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), litreacha tairisceana ó eagraíochtaí a thugann maoiniú i gcomhair tionscadail taighde agus comhfheagras ó Bhanc na hÉireann.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS - AR LEAN****Nochtach Sonrach i dtaca le Rialuithe Inmheánacha agus Taifid Chuntasaíochta**

Admhaíonn CNED gur sainathnódh laigí rialaithe i mí Lúnasa 2014 le linn próiseas iniúcháireachta 2011/12, agus b'ábhair inní iad na réimsí seo a leanas go háirithe: Sócmhainní Seasta; an Coiste Iniúcháireachta; Ceannach agus Soláthar; Nósanna Imeachta Doiciméadaithe; an Clár Rioscaí; cleachtais áirithe um choinneáil leabhar; AD agus rialú párolla; agus taifead a choinneáil ar tháillí na mac léinn. Níor tugadh aghaidh orthu luath go leor chun na feabhsuithe a dhéanamh sa bhliain chuntasaíochta 2012/13. Tá nochtadh sonrach i dtaca le 2012/13 liostaithe thíos.

Nochtadh i dtaca le laigí leanúnacha sa chóras cuntasaíochta arna sainathint i dtuarascáil speisialta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Uimh 85 ar NCAD, Lúnasa 2014**Sócmhainní Seasta**

Roimh 2014, ní raibh beartas sócmhainní seasta scríofa ar bith ann, rud a raibh neamhréireachtaí suntasacha sa chuntasaíocht do shócmhainní seasta mar thoradh air.

Le linn ullmhú ráitis airgeadais 2012/13 ullmhaíodh clár sócmhainní seasta do shócmhainní airnéise an Choláiste, rud a chuireann síos go hiomlán do na Ráitis Airgeadais. Tá roinnt laigí ann sin fós toisc nach bhfuil na sócmhainní clibeáilte agus níl a suíomhanna taifeadta ar an gclár. Tabharfar aghaidh ar na laigí sin in 2016.

Níl clár sócmhainní seasta talún agus foirgneamh an Choláiste curtha i gcrích. Táthar ag súil go ndéanfar an talamh agus na foirgnimh a athluacháil in 2016 agus tacóidh an athluacháil leis an gclár agus leis na Ráitis Airgeadais dá réir sin.

An Coiste Iniúcháireachta

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile uair amháin in 2012/13, faoi bhun na gceithre cruinnithe bhliantúla in aghaidh na bliana a cheanglaítear faoi *Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a ghlac Bord CNED an 18 Deireadh Fómhair, 2013.

Iniúcháireacht Inmheánach

Níor tugadh faoi obair iniúcháireachta inmheánaí ar bith in 2012/13. Níor tugadh faoi ach iniúchadh inmheánach amháin in 2013/14. I ndiaidh tairiscint phoiblí, i mí Eanáir 2015 ceapadh RSM Waters McClure mar iniúcháirí inmheánacha don Choláiste ar feadh téarma 3 bliana. Tá siad ag obair go dlúth le Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird lena chinntiú go bhfuil clár cuimsitheach éifeachtúil um iniúcháireacht inmheánach á chur i bhfeidhm laistigh den Choláiste.

Soláthar

Admhaíonn an lucht bainistíochta nár cloíonn go comhsheasmhach leis na Treoirínte Náisiúnta um Sholáthar le linn na Bliana Airgeadais 2012/13. I ngeall ar cheisteanna rialaithe agus an mhainneachtain taifid leordhóthanacha a choinneáil ní féidir an leibhéal comhlíontachta maidir leis na Treoirínte Náisiúnta um Sholáthar a dhearbhu don tréimhse lena mbaineann. Mar fhreagairt air sin, ceapadh speisialtóir soláthair i mí an Mhárta 2014 agus leanann sé le saintacaíocht a sholáthar nuair is gá. Tá próiseas cuimsitheach oideachais laistigh den Choláiste mar thoradh air sin.

Admhaíonn an lucht bainistíochta chomh maith gur caitheamh méid do-ghlactha airgid ar earraí agus ar sheirbhísí lasmuigh den chóras ordaithe ceannaigh, rud atá curtha ina cheart anois.

Easpa Nósanna Imeachta Neamhfhoirmiúla

Admhaíonn an lucht bainistíochta nach raibh nósanna imeachta ar bith i scríbhinn ann roimh 2014 maidir le nochtadh rúnda, seachaint coinbhleachtaí leasa, idirbhearta páirtithe gaolmhara, soláthar, calaois, cártaí creidmheasa, taisteal agus cothú, teicneolaíocht faisnéise, baincéireacht nó próiseáil iontrálacha irise.

Dréachtaíodh beartais i scríbhinn le haghaidh na réimsí sin ar fad in 2015 agus 2016, agus táthar á dtabhairt

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS - AR LEAN****Easpa Clár Riosca**

Admhaíonn an lucht bainistíochta nach raibh Clár Riosca i bhfeidhm i CNED le linn na bliana airgeadais 2012/13.

Ceisteanna maidir le Cleachtais Chuntasaíochta agus Coinneála Leabhar, agus maidir le Córais Faisnéis Bhainistíochta**(a) Ioncam a bhreacadh síos sna Chuntais Speansas**

Le linn 2012/13, rinneadh líon suntasach admhálacha a bhreacadh síos ar na cóid speansas i gcóras airgeadais CNED, agus dá thoradh sin bhí an tearc-chuntas céanna tugtha ar an ioncam agus ar an gcaiteachas.

Scoireadh le cleachtais áirithe eile, lena n-áirítear an t-ioncam agus caiteachas a bhreacadh síos sa chlár comhardaithe (agus bhí tearc-chuntas tugtha ar an ioncam agus an caiteachas sa chóras airgeadais mar thoradh air sin), ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2014 ann.

(b) Cumrú lag ar an gCóras Airgeadais

D'aithin CNED líon laigí i gcumrú chóras airgeadais CNED, lena n-áirítear cairt chuntas nach raibh oiriúnach do riachtanais na heagraíochta, chomh maith le feidhmiúlacht lag tuairiscithe. Breacadh costais ón gcóras párolla síos de láimh sa chóras airgeadais.

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar na próisis agus ar na nósanna imeachta agus cuireadh feabhsuithe i bhfeidhm in 2015/16.

(c) Úsáid fho-optamach as Córais Faisnéis Bhainistíochta eile

Maidir le mic léinn an Oideachais Leanúnaigh san Ealaín agus sa Dearadh (OLED), ní rabhthas ábalta liosta cuimsitheach taifead de mhéid na dtáillí a íocadh in aghaidh an mhic léinn a tháirgeadh.

Bhí laigí suntasacha rialaithe ann maidir leis an bhfeidhmiúlacht tuairiscithe ón gcóras párolla.

I ngeall ar dhifriocht idir córas thaifid na mac léinn agus an córas cuntasaíochta, rinne an fhoireann laistigh den Choláiste méid mhór oibre breise chun dearbhuithe a thabhairt don fhoireann iniúchóireachta seachtraí go bhfuarthas táillí na mac léinn agus gur taifeadadh mar is ceart iad laistigh den Choláiste.

De bharr na gceisteanna thuas maidir le cleachtais choinneála leabhar agus cumrú an chórais tharla moilleanna maidir leis na ráitis airgeadais a chur ar fáil. I mí Mheán Fómhair 2014 tugadh cairt úr chuntas isteach sa Choláiste. Ó mhí na Bealtaine 2015 i leith, tugann an córas párolla an pacáiste cuntas cothrom le dáta go huathoibríoch.

(d) Laigí i ndáil le cuntasaíocht maidir le hioncam agus Caiteachas ar Thaighde

Rinneadh an t-ioncam agus caiteachas ar thaighde a chódú laistigh de na cóid chéanna ioncaim agus caiteachais leis an ioncam agus caiteachas eile ar fad. Dá réir sin, bhí sé an-deacair na Ráitis Airgeadais a ullmhú chun na hidirbhearta a bhaineann le taighde a léiriú go beacht toisc gurbh éigean an caiteachas ar thaighde a bhaint as an gcaiteachas oibriúcháin laistigh den Choláiste. Rinneadh cleachtadh chun an t-ioncam agus caiteachas ar thaighde a bhaineann le tionscadail shonracha a asbhaint agus ráitis airgeadais 2012/13 á n-ullmhú. Tá neamhchinnteacht fós ann, áfach. Ba cheart a shonrú go bhfuil an Coláiste ag obair i dtreo aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb stairiúil seo agus tá a gcóid ioncaim agus caiteachais féin ag tionscadail taighde ar leithligh laistigh den phacáiste cuntas.

(e) Rialuithe laga i dtaca le Párolla / Acmhainní Daonna

Ní raibh beartais nó nósanna imeachta doiciméadaithe ar bith ann maidir le párolla agus caiteachas. Cé gur tionóladh cruinnithe míosúla in 2011/12 agus 2012/13 idir Airgeadas, AD agus Párolla chun feabhas a chur ar choigeartuithe riachtanacha ar bith ó mhíonna roimhe, ní raibh an rian páipéir lena dtacaítear leis na coigeartuithe sin cuimsitheach. Ó 2014 i leith, déantar leasuithe ar an bpárolla ó Oifig AD a dhoiciméadú

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**(f) Ioncam Táillí na Mac Léinn a aithint**

Mar chuid den obair chuimsitheach a rinneadh chun sraith iontaofa ráitis airgeadais a chur ar fáil, sainithníodh laigí maidir le táillí na mac léinn. Is é beartas cuntasafochta an Choláiste táillí na mac léinn a aithint sa bhliain acadúil lena mbaineann siad. Mar sin ba cheart féichiúnaí tháillí mac léinn a aithint ag deireadh na bliana chun méideanna amuigh ó na mic léinn a aithint.


TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS - AR LEAN**

Ní raibh sé sin san áireamh i ráitis airgeadais na bliana roimhe sin. Mar sin féin, i ndiaidh cleachtadh fairsing ag an gColáiste chun tuiscint a fháil ar staid reatha tháillí na mac léinn, cuireadh féichiúnaí maidir le táillí na mac léinn san áireamh i ráitis airgeadais 2012/13.

Athbheithniú Bliantúil maidir le héifeachtúlacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais

Dearbhaímid maidir leis an mbliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013 nach bhfuil fianaise ar bith ann go ndearna an Bord athbheithniú ar éifeachtúlacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird an 2 Samhain 2016.



Bernard Hanratty
Stiúrthóir Gníomhach

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**RÁITEAS MAIDIR LEIS NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag an gColáiste:

(a) An Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn an mhodh fabhráithe, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis. Déantar caighdeáin tuairiscithe airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta a ghlacadh de réir mar a thiocfaidh siad i bhfeidhm.

(b) Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear Sócmhainní Seasta ag an gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas de réir méid chothroim chun na Sócmhainní Seasta a dhíscríobh thar a saolréanna úsáideacha measta. Déantar an Cuntas Caipitil a amúchadh de réir an dímheasa.

Déantar Sócmhainní Seasta a dhímheas de réir méid chothroim ag baint úsáid as na rátaí seo a leanas:

Cineál Sócmhainní

| | Ráta dímheasa | |
|----------------------------------|---------------|---|
| Talamh | 0% | (glactar leis go bhfuil saolré gan teorainn ag talamh) |
| Foirgnimh | 2% | (saolré 50 bliain) (1.5% sa bhliain cheannaigh roimhe sin agus 3% ó sin ar aghaidh) |
| Gléasra agus Trealamh | 10% | (saolré 10 mbliana) |
| Troscán, Daingneáin agus Feistis | 20% | (saolré 5 bliain) (10% sa bhliain cheannaigh roimhe sin agus 20% ó sin ar aghaidh) |
| Trealamh Ríomhaireachta | 33.33% | (saolré 3 bliana) |

Méadaíodh na Cineálacha Sócmhainní agus athraíodh na rátaí dímheasa ag tosú ón 1 Deireadh Fómhair 2012 chun léiriú níos beachte a thabhairt ar ghlanluach measta leabhar na Sócmhainní Seasta thar a saolréanna úsáideacha measta. Is é an éifeacht ar an gcuntas brabúis agus cailteanais i ndiaidh an dímheas a ríomh ag baint úsáid as na rátaí úra ná laghdú €280,170 ar mhuirear an dímheasa don bhliain, i gcomparáid leis an modh dímheasa roimhe sin. Bhí laghdú comhfhreagrach ar amúchadh na gcistí caipitil mar thoradh ar an gcoigeartú sin agus mar sin is ionann an ghlan-éifeacht ar ráitis airgeadais CNED agus nialas.

(c) Aitheantas Ioncaim

Deontais Stáit

Leithdháileann ÚAO Deontais Stáit do chaiteachas athfhillteach ar bhonn bliain fhéilire. Ba é an deontas a tuairiscíodh sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais an méid a measadh a bheith iomchuí don bhliain acadúil ábhartha, bunaithe ar scoilt 75% / 25% i ndeontas na bliana féilire.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013*Ioncam na dTáillí Acadúla*

Aithnítear ioncam na dTáillí Acadúla (lena n-áirítear don Oideachas Leanúnach san Ealaín agus sa Dearadh), sa bhliain acadúil lena mbaineann sé.

Deontais Taighde agus Conarthaí Eile

Déantar ioncam ó Dheontais Taighde agus ó Chonarthaí eile a mheaitseáil leis an gcaiteachas, agus áirítear é ar an ioncam don bhliain lena mbaineann an caiteachas bainteach a tabhaíodh.

Ioncam Úis

Cuirtear an t-ioncam uile ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair an chuntais loncaim agus Caiteachais sa tréimhse ina dtuilltear é.

RÁITEAS MAIDIR LEIS NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - AR LEAN**(d) Cuntas Caipitil**

Is ionann an Méid Caipitil agus luach gan amúchadh an loncaim Chaipitil agus an loncaim Reatha a úsáidtear chun críocha Caipitil.

(e) Sócmhainní Léasaithe

Gearrtar na cíosanna faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas loncaim agus Caiteachais sa tréimhse inar tabhaíodh an caiteachas.

(f) Scéimeanna Pinsin

Oibríonn an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha scéim pinsin sochair shainithe, a maoinítear ar bhonn bliantúil ar bhun íoc mar a thuilltear ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Údarás um Ard-Oideachas ar fáil agus ó ranníocaíochtaí pinsin a asbhaintear ó thuarastail na mball foirne.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí na mball foirne a choinníonn an Coláiste. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Léirítear na gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a thagann as dliteanais scéimeanna sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach ar an méid is inghnóthaithe ón Údarás um Ard-Oideachas.

Léiríonn Dliteanais Phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn an maoiniú iarchurtha pinsean an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh inghnóthaithe i dtréimhsí amach anseo ón Údarás um Ard-Oideachas.

Oibríonn an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha an Scéim Pinsean Seirbhíse Phoiblí Aonair (Scéim Aonair) chomh maith ar scéim pinsin sochair shainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair anonn chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(g) Cánachas

Tá CNED díolmhaithe ó Cháin Chorporáide faoi Ordú um Stádas Catharnais. Uimhir Chlárúcháin Charthanas CNED: CHY 07503

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**(h) Erasmus**

Áirítear cistí Erasmus ar an ioncam don bhliain lena mbaineann an caiteachas bainteach a tabhaíodh.

(j) Sócmhainní Oidhreachta

Níor chuir CNED FRS 30 (Sócmhainní Oidhreachta) i bhfeidhm do Ráitis Airgeadais 2012/13. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag CNED ar cheanglais FRS 30 ag féachaint lena chomhlíonadh tuilleadh.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**RÁITEAS MAIDIR LEIS NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - AR LEAN****(k) NIVAL**

Tá bailiúchán ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (ar a dtugtar Leabharlann Náisiúnta na nAmharc-ealaíon) de leabhair, lámhscríbhinní, agus saothar ealaíne a fuair sé trí bhronntanais agus trí thiomnachtaí den chuid is mó. Níor láimhseáladh na míreanna sin ar shócmhainní seasta sna ráitis airgeadais toisc gur mheas an Coláiste dá gcuirfidh na sócmhainní sin san áireamh sna ráitis airgeadais nach soláthróidís faisnéis airgeadais iontaofa agus ábhartha.

(l) Stoic

Gearrtar caiteachas ar leabhair agus stoic inchaite ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS


| | Nótaí | 2013 €000anna | 2012 €000anna |
|--|-------|------------------|------------------|
| Ioncam | | | |
| Deontais Stáit | 1 | 7,258 | 7,840 |
| Táillí Acadúla | 2 | 5,867 | 5,796 |
| Ioncam Eile | 3 | 176 | 165 |
| Deontais Taighde agus Conarthaí Eile | 10 | 635 | 711 |
| Ús Bainc | | 32 | 66 |
| Amúchadh Cistí Caipitil | 15 | 728 | 1,093 |
| Maoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean | 16c | 2,643 | 2,369 |
| Ioncam Iomlán | | 17,339 | 18,040 |
| Caiteachas | | | |
| Rannóga Acadúla | 4 | 7,308 | 7,525 |
| Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Lárnacha Eile | 5 | 592 | 783 |
| Áitreabh | 6 | 1,759 | 1,827 |
| Riarachán Lárnach | 7 | 1,821 | 1,805 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 8 | 7 | 16 |
| Saoráidí agus Áiseanna Mac Léinn | 9 | 342 | 495 |
| Deontais Taighde agus Conarthaí Eile | 10 | 351 | 794 |
| Dímheas | 12 | 728 | 1,093 |
| Pinsin | 16a | 4,389 | 4,273 |
| Caiteachas Iomlán | | 17,297 | 18,611 |
| Barrachas / (Easnamh) | | | |
| Mír Eisceachtúil – Scaoileadh an Chúlchiste Pinsin | 16f | - | 232 |
| larmhéid ag tús na Bliana | | (702) | (363) |
| larmhéid ag Deireadh na Bliana | | (660) | (702) |

Níl gnóthachain nó cailteanais aitheanta ar bith ann, seachas na cinn ar déileáladh leo sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána.

Tá an Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta, agus Nótaí 1-24 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais.

Niamh Brennan

An tOllamh Niamh Brennan
Comhalta den Bhord
02 / 11 / 2016



Bernard Hanratty
Comhalta den Bhord
02 / 11 / 2016

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**AN RÁITEAS MAIDIR LE GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA**


| | Nótaí | 2013 €000anna | 2012 €000anna |
|--|-------|------------------|------------------|
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Barrachas / (Easnamh) don bhliain | | 42 | (571) |
| Mír Eisceachtúil – Scaoileadh an Chúlchiste Pinsin | 16f | - | 232 |
| Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin | 16b | 6,451 | (16,327) |
| Coigeartú ar an Maoiniú larchurtha Pinsean | 16d | (6,451) | 16,327 |
| Gnóthachain / (Caillteanais) Aitheanta Iomlána don bhliain | | 42 | (339) |

Níl gnóthachain nó caillteanais aitheanta ar bith ann, seachas na cinn ar déileáladh leo sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána.

Tá an Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta, agus Nótaí 1-24 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais.



An tOllamh Niamh Brennan
Comhalta den Bhord
02 / 11 / 2016



Bernard Hanratty
Comhalta den Bhord
02 / 11 / 2016

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**AN CLÁR COMHARDAITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**

| | Nótaí | 2013 €000anna | 2012 €000anna |
|--|--------------|--------------------------|--------------------------|
| SÓCMHAINNÍ SEASTA | 12 | 14,075 | 14,739 |
| SÓCMHAINNÍ REATHA | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 13 | 1,031 | 330 |
| Iarmhéideanna agus Airgead Tirim Bainc | | <u>2,320</u> | <u>3,043</u> |
| | | <u>3,351</u> | <u>3,373</u> |
| DLITEANAIS REATHA | | | |
| Deontais Stáit a Fuarthas Roimh Ré | | 1,076 | 1,184 |
| Creidiúnaithe agus Speansais Fhabhráithe | 14 | <u>2,935</u> | <u>2,891</u> |
| | | <u>4,011</u> | <u>4,075</u> |
| GLANSÓCMHAINNÍ REATHA (DLITEANAIS REATHA) | | <u>(660)</u> | <u>(702)</u> |
| IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ | | <u>13,415</u> | <u>14,037</u> |
| Maoiniú Iarchurtha Pinsean | 16d | 65,689 | 69,496 |
| Dlíteanais Phinsin | 16b | (65,689) | (69,496) |
| Iomlán na Sócmhainní Iúide Dlíteanais Reatha | | <u>13,415</u> | <u>14,037</u> |
| Maoinithe Ag: | | | |
| Cuntas Caipitil | 15 | 14,075 | 14,739 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | (660) | (702) |
| | | <u>13,415</u> | <u>14,037</u> |

Tá an Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta, agus Nótaí 1-24 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais.

Niamh Brennan

An tOllamh Niamh Brennan
Comhalta den Bhord
02 / 11 / 2016

Bernard Hanratty
Comhalta den Bhord
02 / 11 / 2016

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

AN RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID THIRIM DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

| Réiteach ar an nGlanghluaiseacht don bhliain go Glan-insreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | Nótaí | 2013 €000anna | 2012 €000anna |
|---|-------|------------------|------------------|
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain | | 42 | (571) |
| Mír Eisceachtúil – Scaoileadh an Chúlchiste Pinsin | | - | 232 |
| Ús Bainc | | (32) | (66) |
| Laghdú / (Méadú) ar Fhéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | | (701) | 148 |
| Méadú / (Laghdú) i nDlíteanais Reatha | | (64) | 578 |
| Glan-insreabhadh / (Glan-eis-sreabhadh) Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | (755) | 321 |
| Torthaí ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísiú Airgeadais | | | |
| Ús a Fuarthas | | 32 | 66 |
| Glan-insreabhadh Airgid Thirim ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísiú Airgeadais | | 32 | 66 |
| Caiteachas Caipitil agus Infheistíochtaí Airgeadais | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta | 12,15 | (68) | (25) |
| Fáltais ó Dhíolachán Sócmhainní Seasta | | 3 | - |
| Glan-Eis-Sreabhadh Airgid Thirim ar Chaiteachas Caipitil agus Infheistíochtaí Airgeadais | | (65) | (25) |
| Glan-Eis-Sreabhadh Airgid Thirim roimh Bhainistíocht Acmhainní Leachta | | (788) | 362 |
| Maoiniú | | 65 | 25 |
| Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim | | (723) | 387 |
| Réiteach Glan-Sreabhadh Airgid le Gluaiseacht ar Ghlanchistí | | | |
| Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim sa Bhliain | | (723) | 387 |
| Glanchistí amhail an 1 Deireadh Fómhair 2012 | 19 | 3,043 | 2,656 |
| Glanchistí amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | | 2,320 | 3,043 |

Tá an Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta, agus Nótaí 1-24 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais.

Niamh Brennan

An tOllamh Niamh Brennan
Comhalta den Bhord

Bernard Hanratty
Comhalta den Bhord

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013
NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

| 1. DEONTAIS STÁIT | 2013 Leithdháilte do Chaitheachas Athfhillteach €000anna | 2013 Leithdháilte do Chaitheachas Caipitil €000anna | 2013 €000anna | 2012 €000anna |
|--|--|---|-------------------------|-------------------------|
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | | | | |
| Deontais Athfhillteacha* | 6,625 | 65 | 6,690 | 7,298 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 62 | | 62 | 57 |
| Deontais um Míchumas agus um Chúnaimh Airgeadais | 71 | | 71 | 116 |
| Dearbhú Cáilíochta | 21 | | 21 | 72 |
| Tiontú Scileanna | 62 | | 62 | 84 |
| Feabhas ar Rochtain agus Dul chun Cinn | 115 | | 115 | 137 |
| Oiliúint Oiliúinírí | 31 | | 31 | 9 |
| An Ghaeilge | 10 | | 10 | 5 |
| Deontais Stáit Eile | | | | |
| An Chomhairle Ealaíon | 59 | | 59 | 76 |
| Taisclann Dhigiteach na hÉireann | 11 | | 11 | 11 |
| Cúnaimh do Mhic Léinn | 47 | | 47 | - |
| Deontais Eile | 144 | | 144 | - |
| Iomlán 2013 | 7,258 | 65 | 7,323 | 7,865 |
| Iomlán 2012 | 7,840 | 25 | 7,865 | |

*Tá suim €591,750 curtha san áireamh sna Deontais Stáit a bhaineann le tacaíocht Pinsin ó ÚAO. Tá an tsuim seo curtha san áireamh san iomlán fabhráithe ag deireadh na bliana agus fuarthas an méid iomlán ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2013.

| 2. TÁILLÍ ACADÚLA | 2013 €000anna | 2012 €000anna |
|---|-------------------------|-------------------------|
| Táillí Teagaisc Lánaimseartha – 928 mac léinn (2012 – 901 mac léinn) | 3,851 | 3,895 |
| Rannaíocht na Mac Léinn – (ar a dtugtaí Táillí Clárúcháin FT roimhe seo) – 738 mac léinn (2012 – 739 mac léinn) | 1,618 | 1,478 |
| Táillí Acadúla Páirtaimseartha – 38 (2012 – 36 mac léinn) | 96 | 110 |
| Táillí um Oideachas Leanúnach agus um Ealaín agus Dearadh – 825 (2012 – 834 mac léinn) | 302 | 313 |
| | 5,867 | 5,796 |

| 3. IONCAM EILE | 2013 €000anna | 2012 €000anna |
|-------------------------------|-------------------------|-------------------------|
| Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | 7 | 13 |
| Urraíocht | 37 | 36 |
| Ioncam ó Imeachtaí | 14 | - |
| Muirir Mac Léinn* | 15 | 81 |
| Ioncam Eile** | 95 | 24 |
| Ioncam ó Fhótachóipeáil | 8 | 11 |
| | 176 | 165 |

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

*Áiríodh ar mhuirir mac léinn sa bhliain roimhe méideanna a ghearr an Coláiste ar mhic léinn d'ábhair. Códáíodh an muirear seo ar Ioncam Eile sa tréimhse reatha.

***Seasann ioncam eile d'ioncam ilghnéitheach a fuarthas ach measadh nár leor é lena chur san áireamh mar mhír líne as féin. I ngeall ar neamhchinnteacht maidir le roinnt de na taifid a choinnítear laistigh de CNED, rinneadh ioncam a aithneofaí de ghnáth mar Urraíocht nó Ioncam ó Imeachtaí a rangú mar Ioncam Eile toisc nach rabhthas cinnte faoin áit ar tháinig sé.

4. RANNÓGA ACADÚLA

| | 2013 | 2012 |
|-----------------------------------|-----------------|-----------------|
| | €000anna | €000anna |
| Foireann Acadúil | 5,495 | 5,538 |
| Foireann Teicniúil agus Samhlacha | 1,010 | 1,044 |
| Foireann Rialachán na nDámh | 338 | 338 |
| Costais Neamhphá | 465 | 605 |
| | <u>7,308</u> | <u>7,525</u> |

5. SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA EILE

| | 2013 | 2012 |
|--|-----------------|-----------------|
| | €000anna | €000anna |
| Foireann na Leabharlainne | 453 | 514 |
| Leabhair, Catalóga agus Tréimhseacháin | 116 | 223 |
| Muirir Léasaithe | 23 | 46 |
| | <u>592</u> | <u>783</u> |

6. ÁITREABH

| | 2013 | 2012 |
|------------------------------|-----------------|-----------------|
| | €000anna | €000anna |
| Freastalaithe agus Glantóirí | 479 | 528 |
| Foireann Cothabhála | 168 | 176 |
| Solas, Teas agus Cumhacht | 344 | 281 |
| Ábhair Chothabhála* | 95 | 223 |
| Costais Ghlantacháin | 251 | 230 |
| Costais Slándála | 156 | 144 |
| Cíosanna agus Rátaí | 183 | 183 |
| Teileafón | 83 | 62 |
| | <u>1,759</u> | <u>1,827</u> |

*Rinneadh gné speansas i dtaca le hÁbhair Chothabhála a athrangú ar mhodh níos beaichte le míreanna líne chaiteachais eile sa tréimhse reatha. Dá bhrí sin tá na speansais ar Ábhair Chothabhála ábhairín níos ísle sa tréimhse reatha, nuair a chuirtear i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin iad.

7. RIARACHÁN LÁRNACH

| | 2013 | 2012 |
|---------------------------------|-----------------|-----------------|
| | €000anna | €000anna |
| Foireann Riaracháin | 1,020 | 1,080 |
| Foireann um Dhearbhú Cáilíochta | 62 | 60 |
| Dearbhú Cáilíochta (Neamhphá) | - | 12 |
| Páipéarachas agus Soláthairtí | 68 | 153 |
| Postas | 22 | 26 |
| Táillí Gairmiúla* | 217 | 13 |
| Luach Saothair na nIníochóirí | 31 | 30 |
| Taisteal agus Cothú | 9 | 27 |
| Fógraíocht | 17 | 26 |
| Árachas | 92 | 116 |

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

| | | |
|---|--------------|--------------|
| Costais Fótachóipeála | 10 | 7 |
| Costais Sábháilteachta | 38 | 10 |
| Gailearaí | 15 | 79 |
| Taispeántais, Seimineáir agus Lónadóireacht | 66 | 98 |
| Ilghnéitheach** | 154 | 68 |
| | <u>1,821</u> | <u>1,805</u> |

*Tharla an méadú suntasach ar na táillí gairmiúla mar thoradh ar chaiteachas breise i réimsí amhail Tacaíocht Chuntasafóichta, Acmhainní Daonna agus athrangú Tacaíocht TF, ar cuireadh san áireamh roimhe seo iad i bPáipéarachas agus Soláthairtí.

**Tá íocaíochtaí curtha san áireamh i Míreanna Ilghnéitheacha a rinneadh maidir le Sochar Báis dar luach €46,000. Tá €16,000 áirithe san fhigiúr sin chomh maith a bhaineann le méid fionraí.

8. CAITEACHAS GINEARÁLTA OIDEACHAIS

| | 2013 €000anna | 2012 €000anna |
|--------------------------------------|--------------------------------|--------------------------------|
| Táillí agus Speansais Scrúdaitheoirí | (2) | 7 |
| Forbairt na Foirne | 9 | 9 |
| | <u>7</u> | <u>16</u> |

9. SAORÁIDÍ AGUS ÁISEANNA MAC LÉINN

| | 2013 €000anna | 2012 €000anna |
|---|--------------------------------|--------------------------------|
| Táillí Scrúduithe agus Clárúcháin | 101 | 105 |
| Fóirdheontas Aontas na Mac Léinn | 70 | 57 |
| Scéim Cúnaimh do Mhic Léinn | 94 | 126 |
| Seirbhísí Sláinte agus Comhairleoireachta | 65 | 102 |
| Fóirdheontas d'Ábhair | (15) | 40 |
| Taisteal Mac Léinn | (1) | 28 |
| Saoráidí Spóirt agus Caitheamh Aimsire | 28 | 37 |
| | <u>342</u> | <u>495</u> |

10. DEONTAIS TAIGHDE AGUS CONARTHAÍ EILE

| | 2013 €000anna | 2012 €000anna |
|--------------------------------------|--------------------------------|--------------------------------|
| Ioncam | | |
| Deontais Taighde agus Conarthaí Eile | 635 | 711 |
| Caiteachas | | |
| Costais Foirne | 145 | 243 |
| Costais Oibriúcháin Eile* | 206 | 551 |
| | <u>351</u> | <u>794</u> |
| Glanioncam | <u>284</u> | <u>(83)</u> |

*Le linn phróiseas ullmhaithe na ráiteas airgeadais, aithníodh go ndearnadh an tIoncam agus Caiteachas ar thaighde a chódú in 2012/13 laistigh de na cóid chéanna ioncaim agus caiteachais leis an Ioncam agus Caiteachas eile ar fad. B'éigean an caiteachas ar thaighde a bhaint as an gcaiteachas oibriúcháin laistigh den Choláiste. Ag cur san áireamh na ceisteanna a bhaineann le leabhair agus taifid an Coláiste don tréimhse, áfach, d'fhéadadh an ghné chaiteachas taighde a bheith taifeadta i míreanna líne caiteachas oibriúcháin eile. Is é an leibhéal caiteachais a thabhaítear de ghnáth a bhíonn taobh thiar d'aitheantas an ioncaim sa réimsí um Dheontais Taighde agus Conarthaí Eile. Is é an toradh air sin go bhféadfadh sé nár aithníodh an tIoncam ar an mbonn fabhráithe agus is cosúil go bhfuil tearc-chuntas tugtha ar an gcaiteachas

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

Conarthaí Eile. Is é an éifeacht iarmhartach leis sin go bhfuil neamhchinnteacht ann chomh maith i dtaca leis na méideanna ioncaim a iarchuireadh go dtí 2013/14 chomh maith leis na méideanna a fabhraíodh sa tréimhse chéanna.

11. ANAILÍS AR AN gCAITEACHAS

| | Costais | Costais | Costais | |
|--|----------|-------------|----------|----------|
| | Foirne | Oibriúcháin | Eile | |
| | 2013 | 2013 | 2013 | 2012 |
| | €000anna | €000anna | €000anna | €000anna |
| Rannóga Acadúla | 6,843 | 465 | 7,308 | 7,525 |
| Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Lárnacha Eile | 453 | 139 | 592 | 783 |
| Áitreabh | 647 | 1,112 | 1,759 | 1,827 |
| Riarachán Lárnach | 1,082 | 739 | 1,821 | 1,805 |
| Speansais Ghinearálta Oideachais | - | 7 | 7 | 16 |
| Saoráidí agus Áiseanna Mac Léinn | - | 342 | 342 | 495 |
| Caiteachas ar Thaighde | 145 | 206 | 351 | 794 |
| | 9,170 | 3,010 | 12,180 | 13,245 |
| Dímheas | | | 728 | 1,093 |
| Pinsin | | | 4,389 | 4,273 |
| | | | 17,297 | 18,611 |

Tháinig laghdú an-mhór ar an gcaiteachas in 2012/13 i ngeall ar thrí imeacht comhcheangailte a raibh tionchar acu ar na cuntais. Tháinig laghdú ar na Costais Foirne, rud a léiríonn tionchar Chomhaontú Bhóthar Haddington, laghdaíodh costais Neamhphá i ngeall ar thionscnamh coigilte costas a tugadh isteach sa Choláiste sa tréimhse tuairiscithe airgeadais seo agus mar thoradh ar athruithe sa bheartas um dhímheas tá laghdú thart ar €300,000 tagtha ar an dímheas.

12. SÓCMHAINNÍ SEASTA

| | Talamh & | Gléasra & | Daingneáin & | Trealamh | Iomlán |
|--------------------------------|-----------|-----------|--------------|----------------|----------|
| | Foirgnimh | Trealamh | Feistis | Ríomhaireachta | |
| | €000anna | €000anna | €000anna | €000anna | €000anna |
| Costais | | | | | |
| Iarmhéid ag tús na bliana | 29,731 | 679 | 833 | 3,416 | 34,659 |
| Breiseanna | 20 | 14 | - | 34 | 68 |
| Sócmhainní Seasta a | - | (556) | (682) | (2,797) | (4,035) |
| Díscríobhadh | | | | | |
| Diúscairtí | - | - | - | (4) | (4) |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | 29,751 | 137 | 151 | 649 | 30,688 |
| Dímheas | | | | | |
| Iarmhéid ag tús na bliana | 15,168 | 654 | 795 | 3,303 | 19,920 |
| Muirear le haghaidh na bliana | 595 | 16 | 25 | 92 | 728 |
| Dímheas a Díscríobhadh | - | (556) | (682) | (2,797) | (4,035) |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | 15,763 | 114 | 138 | 598 | 16,613 |

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

| | | | | | |
|---|---------------|-----------|-----------|-----------|---------------|
| Glanluach leabhar amhail an 30/09/2013 | 13,988 | 23 | 13 | 51 | 14,075 |
| Glanluach Leabhar amhail an 30/09/12 | 14,563 | 25 | 38 | 113 | 14,739 |

Le linn na tréimhse rinneadh cleachtadh suntasach a bhain le haitheantas agus rangú Shócmhainní Seasta an Choláiste, is iad sin, Gléasra & Trealamh, Daingneáin & Feistis agus Ríomhaireachta. Mar thoradh air sin rinneadh sócmhainní a dhíothú ag an gcostas sna cineálacha sin sócmhainní i suim €4.035 milliún nuair a chuirtear i gcomparáid le hiarmhéideanna deiridh iad ón tréimhse roimhe sin. Dá réir sin rinneadh dímheas carntha a dhíothú fosta don mhéid céanna agus dá thoradh sin níor tháinig athrú ar bith ar an nGlanluach Leabhar Tosaigh don tréimhse toisc go ndearnadh na sócmhainní uile a díotháidh a dhímheas go hiomlán.

13. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

| | 2013 | 2012 |
|-------------------------|-----------------|-----------------|
| | €000anna | €000anna |
| Féichiúnaí an Phárolla | 10 | - |
| Féichiúnaí na Mac Léinn | 77 | - |
| Féichiúnaithe Trádála | 2 | 4 |
| Ioncam Fabhraithe | 746 | 78 |
| Réamhíocaíochtaí | 196 | 248 |
| | <u>1,031</u> | <u>330</u> |

14. CREIDIÚNAITHE AGUS SPEANSAIS FHABHRAITHE

| | 2013 | 2012 |
|--|-----------------|-----------------|
| | €000anna | €000anna |
| Táillí | 1,521 | 1,341 |
| Iarmhéid na nDeontas Taighde agus Conarthaí Eile | 417 | 675 |
| ÍMAT | 118 | 117 |
| ÁSPC | 123 | 78 |
| Tobhach Pinsin | 42 | 43 |
| Creidiúnaithe Trádála | 320 | 71 |
| Oideachas Leanúnach san Ealaín agus sa Dearadh | 95 | 142 |
| Creidiúnaithe an Phárolla | 35 | 164 |
| Speansais Fabhraithe an Phárolla | 4 | 38 |
| Speansais Fabhraithe | 260 | 222 |
| | <u>2,935</u> | <u>2,891</u> |

15. CUNTAS CAIPITIL

| | 2013 | 2012 |
|---|-----------------|-----------------|
| | €000anna | €000anna |
| Iarmhéid ag Tús na Bliana | 14,739 | 15,807 |
| Deontais a úsáideadh chun Foirgnimh a Éadail agus d'Fhorbairt | 20 | - |
| Deontais a cuireadh i bhfeidhm chun Sócmhainní Seasta a Cheannach | 48 | 25 |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta | (4) | - |
| | <u>14,803</u> | <u>15,832</u> |
| Lúide Amúchadh | (728) | (1,093) |
| | <u>14,075</u> | <u>14,739</u> |

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

16. SCÉIM PINSIN

Cur síos Ginearálta ar an Scéim

Faomhadh Scéim Aoisliúntais Foirne agus an Scéim Pinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanáí faoi Alt 20 den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971 i mí Eanáir 1984 agus i mí Mheán Fómhair 1987, faoi seach. Scéimeanna neamhchistithe is ea iad scéimeanna pinsin an Choláiste. Déanann an fhoireann ranníocaíochtaí ag ráta 5% leis an Scéim Aoisliúntais Foirne agus 1.5% leis an Scéim do Chéilí agus Leanáí. Soláthraítear sa scéim seo pinsean (aon ochtóid in haghaidh na bliana seirbhíse), cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus leanáí. Is é an ghnáthaois le haghaidh scoir breithlá 65 bliain baill agus tá baill roimh 2004 i dteideal scoir gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois. Tagann méadú i bpinsin atá á n-íoc (agus iarchur) de ghnáth ar aon dul le méaduithe ginearálta ar phá na hearnála poiblí.

Is é an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí arna gceapadh an 1 Eanáir 2012 nó ina dhiaidh sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar foráil sa scéim i leith cnapshuim pinsin agus scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin meánghairme, agus na pinsin do chéilí agus leanáí. 66 bliain d'aois is ea an aois íosta pinsin (ag méadú ar aon dul le hathruithe ar aois an phinsin Stáit). Áirítear leis áis luathscoir laghdaithe ar bonn achtúireach ó aois 55. Méadaítear pinsin atá á n-íoc ar aon dul leis an innéacs praghsanna do thomhaltóirí.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2013 bhí ball foirne amháin i CNED páirteach sa Scéim Aonair. Níor breathnaíodh ar shochair a fhabhraítear chuig baill na Scéime Aonair ag an 30 Meán Fómhair 2013 mar a bheith ábhartha agus mar sin níor cuireadh san áireamh iad i bhfigiúirí achtúireacha ríofa FRS17 sna ráitis airgeadais seo.

Bhí an luacháil a úsáideadh do nochtadh FRS 17 (athbhreithnithe) bunaithe ar luacháil achtúireach an 30 Meán Fómhair 2013 a rinne achtúire cáilithe ag cur san áireamh ceanglais an FRS chun measúnú a dhéanamh ar na dliteanais scéime amhail an 30 Meán Fómhair 2013.

| | 2013 €000anna | 2012 €000anna |
|---|-------------------------|-------------------------|
| (a) Anailís ar Iomlán na gCostas Pinsin ar an gCaiteachas | | |
| Costas Seirbhíse Reatha | 2,628 | 1,914 |
| Ús ar Dhliteanais Scéime | 2,224 | 2,794 |
| Ranníocaíocht Pinsin na bhFostaithe | (463) | (435) |
| | <u>4,389</u> | <u>4,273</u> |
| (b) Anailís ar an nGluaiseacht sa Dliteanas Scéime le linn na bliana | | |
| Dliteanas Scéime ag Tús na Bliana | 69,496 | 50,800 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 2,628 | 1,914 |
| Ús ar Dhliteanais Scéime | 2,224 | 2,794 |
| Sochair a Íocadh sa bhliain | (2,208) | (2,339) |
| (Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach* | (6,451) | 16,327 |
| Dliteanas Scéime ag Deireadh na Bliana | <u>65,689</u> | <u>69,496</u> |

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

*Tharla an mhórghluaiseacht sna figiúirí maidir leis an gCailteanas (Gnóthachan) achtúireach atá taispeánta thuas i ngeall go príomha ar ghluaiseachtaí sna rátaí lascaine a úsáideadh ag na dátaí éagsúla FRS 17 (Sochair Scoir).

(c) Maoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha na méideanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn leis an dlíteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn sraith boinn tuisceana ar cuireadh síos orthu sa nóta seo a ar bhonn imeachtaí san am a chuaigh thart. Áirítear ar na himeachtaí sin an bonn reachtúil le haghaidh bhunú na scéime pinsin, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl fianaise ar bith ag CNED nach leanfar le suimeanna dá leithéid a íoc as an mbeartas maoinithe seo de réir an chleachtais reatha.

Ba é seo a leanas an Glanmhaoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean a aithníodh sa Chuntas Ioncain agus Caiteachais:

| | 2013 €000a nna | 2012 €000an na |
|---|---|---|
| Maoiniú inghnóthaithe i dtaca le costais na bliana reatha. | 4,852 | 4,708 |
| Deontais ón Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) a cuireadh i bhfeidhm chun sochair phinsin a íoc. | (2,209) | (2,339) |
| Maoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean sa Bhliain | <u>2,643</u> | <u>2,369</u> |

Ba ionann an tsócmhainn um maoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean amhail an 30 Meán Fómhair 2013 agus (€65,688,600) (2012: €69,496,200).

(d) Stair na nOibleagáidí Sochar larchurtha

| | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|-----------------|-----------------|-----------------|-----------------|-----------------|
| | €000anna | €000anna | €000anna | €000anna | €000anna |
| Oibleagáidí Sochar larchurtha | 65,689 | 69,496 | 50,800 | 58,300 | 58,300 |
| Gnóthachain ó Thaithí ar Mhéid na nDlíteanas Scéime | (6,451) | 16,327 | (10,317) | (4,520) | (1,522) |
| Céatadán na nDlíteanas Scéime | 9.8% | 23.5% | 20.3% | 7.8% | 2.6% |

(e) Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha:

| | | |
|----------------|-------------|-------------|
| Bonn tuisceana | 2013 | 2012 |
| Ráta lascaine | 3.5% | 3.2% |

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

| | | |
|--|----|----|
| Bonn tuisceana um méadú ar thuarastail | 3% | 3% |
| Bonn tuisceana um méadú ar phinsin | 3% | 2% |
| Boilsciú praghsanna | 2% | 2% |

Meánionchas saoil sa todhchaí de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáideadh (PNML00 agus PNFL00) chun na dliteanais phinsin a chinneadh:

| | 2013 | 2012 |
|-----------------------|-------------|-------------|
| Fear 65 bliain d'aois | 21.9 | 21.8 |
| Bean 65 bliain d'aois | 23.6 | 23.5 |

(f) Mír Eisceachtúil – Scaoileadh an Chúlchiste Pinsin

Faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), tugadh cead do bhaill foirne ar conradh a bhí ag obair ar bhonn neamh-lánaimseartha agus lánaimseartha ballraíocht a ghlacadh i bpríomhscéimeanna pinsin an Choláiste agus riaráistí a íoc ón gcéad lá ar tháinig siad isteach sa Choláiste. Íocadh formhór na riaráistí sin ag an ráta tuarastail a bhí i réim amhail an 20 Nollaig 2001, ach ceistíodh úsáid an ráta sin ar an mbonn gurbh cheart an ráta stairiúil seachas ráta 2001 a úsáid.

I Ráitis Airgeadais 2011, níor tugadh cuntas ar na riaráistí ar feitheamh ar an gceist seo a réiteach agus taispeánadh iad mar dhliteanas. I ndiaidh an éaga faoin Reachta na dTréimhsí maidir leis an gceistiú faoin ráta roimhe sin, ní raibh an méid a bhí ar an gClár Comhardaithe ag teacht a thuilleadh leis na critéir maidir le haitheantas mar dhliteanas agus dá réir sin scaoileadh é go hiomlán chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Chun ioncam a aithint i dtréimhse 2012 a sheachaint, a bheadh aitheanta cheana i sraith Ráitis Airgeadais roimhe sin, taispeántar an t-ioncam mar mhír eisceachtúil sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

17. CEANGALTAIS CHAIPITIÚLA

Ba ionann na Ceangaltais Chaipitiúla an 30 Meán Fómhair 2013 agus €Nialas (2012 €NIALAS).

18. CEANGALTAIS LÉASANNA

Tá áitreabh ag an gColáiste ag Sráid Eoin Thiar, Baile Átha Cliath 8 faoi léas oibriúcháin. Leas 10 mbliana ó Mhárta 2006 is ea an léas. Cosnaíonn an cíos bliantúil €134,112 agus déantar athbhreithniú ar an gcíos gach 5 bliana. Aithníonn an Coláiste, ag brath ar dheireadh a theacht leis an léas thuas, go bhfuil dliteanas féideartha ann i dtaca le trochlú ar an maoin nach raibh criostalaithe fós ag an tráth dá dtagraíonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá léasanna oibriúcháin ann do fhótachóipeálaithe / scanóirí agus cábán iniompartha chomh maith.

Ní raibh ceangaltais léasanna airgeadais ar bith ann amhail an 30 Meán Fómhair 2013.

Ag deireadh na bliana bhí ceangaltais ag CNED faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe faoi mar a leanas:

| | 2013 €000anna | 2012 €000anna |
|------------------------------|--------------------------------|--------------------------------|
| Laistigh de 1 Bhliain | 152 | - |
| Idir 1 Bhliain agus 5 Bliana | 402 | 553 |
| Níos faide ná 5 Bliana. | - | - |

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013**19. ANAILÍS AR ATHRUITHE SNA GLANCHISTÍ LE LINN NA BLIANA**

| | Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2012 €000anna | Sreafaí airgeadais €000anna | Amhail an 30 Nollaig 2013 €000anna |
|--------------------------------------|---|--|---|
| Airgead tirim sa Bhanc agus ar Láimh | 1,366 | 526 | 1,892 |
| Taiscí Gearrthéarmacha | 1,677 | (1,249) | 428 |
| | <u>3,043</u> | <u>(723)</u> | <u>2,320</u> |

20. FOSTAITHE

Le linn 2013 bhí 82 ball foirne i gcoibhéis lánaimseartha ann a raibh íocaíocht mhíosúil á fáil acu (85, 2012), 26 ball foirne i gcoibhéis lánaimseartha a raibh íocaíocht sheachtainiúil á fáil acu (28, 2012) agus 23 ball foirne i gcoibhéis lánaimseartha, baill foirne pháirtaimseartha (30, 2012).

21. COMHALTAÍ AN BHOIRD

Ní raibh leasanna ag comhalta ar bith den Bhord i gconarthaí nó i ndámhachtainí ar bith arna dtabhairt ag an gColáiste le linn na bliana ná ní bhfuair siad leas nó sochar ná ní raibh coinbhleacht leasa ar bith acu i dtaca le hoibríochtaí an Choláiste le linn na bliana.

Ní raibh idirbhearta páirtithe gaolmhara ar bith ann le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013.

Le linn 2012/13 níor íocadh Táillí le comhalta ar bith den Bhord.

Íocadh luach saothair €136,276 san iomlán le Stiúrthóir an Choláiste le linn na tréimhse

Ba ionann an caiteachas iomlán ar speansais don Bhord don bliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013 agus €1,922. Baineann sé sin go príomha le caiteachas ar thaisteal traenach do chomhalta amháin den Bhord atá lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Bunaíodh Cairde CNED (CCNED) i 1992, mar bhealach chun airgead a thiomsú do CNED go príomha. Óna thionscnamh bhí dhá bhall foirne ó CNED ar Bhord CCNED (Sealbhóir phost an Stiúrthóra ar CNED agus sealbhóir phost Rúnaí agus Chlárúitheoir an Choláiste). Déantar CCNED a iniúchadh go leithligh ó CNED, agus déantar a ráitis airgeadais a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar bhonn Bliantúil). Ní raibh ioncam nó caiteachas ar bith i ráitis airgeadais CCNED don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013. Tá diúscairt na gcistí arna dtiomsú ag CCNED faoi lánrogha CCNED é féin, agus níl tionchar ar bith ag CNED ar chinntí oibriúcháin ar bith laistigh d'eintiteas CCNED.

Sna Stáit Aontaithe, cláraíodh eintiteas ar leith in 2000, ar a dtugtar US Friends of NCAD Inc. (USFNCAD). Cruthaíodh an t-eintiteas seo go príomha chun an cháin atá iníoctha ar bhronntanais ar bith ó SAM a laghdú nó a scriosadh. Ní raibh ioncam nó caiteachas ar bith i ráitis airgeadais US Friends of NCAD don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013. D'oibrigh USFNCAD mar eintiteas neamhspleách comhchosúil le CNED mar CCNED.

22. GNÓTHAS LEANTACH

Thabhaigh an coláiste easnamh oibriúcháin in 2011 (€379,000) agus 2012 (€571,000). In 2013 tabhaíodh barrachas oibriúcháin de €42,000. Bhí easnamh carnach mar thoradh air sin a tugadh anonn an 30 Meán Fómhair 2013 de (€660,000). Thug an Coláiste faoi chlár suntasach laghdaithe costas agus bearta breise riachtanacha lena chinntiú go n-oibríonn sé le barrachas ioncaim i dtréimhsí amach anseo. Ar an mbonn sin,

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

agus mar aon leis na cúlchistí airgid thirim arna gcoinneáil ag an gColáiste an 30 Meán Fómhair 2013, measann an Bord gur iomchuí é na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an Ghnóthais Leantaigh.

23. IMEACHTAÍ I ndIAIDH DHÁTA AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ní raibh imeachtaí ar bith ann i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe tharstu siúd a nochtadh cheana sna ráitis airgeadais seo ar a raibh gá lena gcoigeartú sna ráitis airgeadais.

24. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013 ag a chruinniú an 29 Iúil 2016.